



# An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

## Léiriú spéise chun feidhmiú mar Bhall d'Údarás Ceannais Ollscoile agus/nó ar Bhord Chomhairle Bhéaloideas Éireann

Ba mhaith leis an Aire Oideachais agus Scileanna léiriú spéise a fháil ó dhaoine cuícháilithe a d'oirfeadh lena n-ainmniú mar cheapacháin de chuid an Aire ar roinnt údarás ceannais ollscoile agus ar Chomhairle Bhéaloideas Éireann.

### 1. Na poist atá ar fáil

Beartaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna roinnt ceapachán a dhéanamh chun folúntais **reatha** do ghnáthbhaill a líonadh sna hinstiúidí seo a leanas:

<b>Institiúid</b>	<b>Post</b>	<b>Téarma na hOifige</b>	<b>Líon na bhFolúntas</b>
Coláiste na hOllscoile Corcaigh	Gnáthbhall	5 bliana	4
Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	Gnáthbhall	5 bliana	1
Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad	Gnáthbhall	5 bliana	2
An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath	Gnáthbhall	4 bliana	3
Comhairle Bhéaloideas Éireann	Gnáthbhall	3 bliana	4

## **2. Soláthar Reachtach/Rialachais le haghaidh na nOllscoileanna**

---

### **2.1 Reachtaíocht Údarás Ceannais:**

Tá ról reachtúla ag údaráis cheannais institiúidí ardoideachais, ar nós ollscoileanna, agus tá ardleibhéil uathrialachais ag na hinstiúidí a rialaíonn siad a fhágann gur tábhachtaí ná riamh ról na n-údarás ceannais ó thaobh rialachais agus cuntasachta.

Baineann na forálacha reachtacha le ceapadh gnáthbhall ar údaráis cheannais ollscoileanna:

- Deirtear in Alt 16 (3)(c) d’Acht na nOllscoileanna, “faoi réir fho-ailt (8) agus (9), an líon céanna daoine agus a roghnófar de réir mhír (a), arna gceapadh ag an údarás ceannais ar ainmniúchán an Aire, tar éis don Aire dul i gcomhairle leis an bpríomhoifigeach”.
- De réir Alt 16(9) d’Acht na nOllscoileanna, ceanglaítear ar an Aire a chinntiú go ndéantar beirt bhall ar a laghad den údarás ceannais a roghnú nó a cheapadh as measc a ainmniúcháin féin nó na n-eagraíochtaí seachtracha ionadacha a sheasann, i dtuairim an Aire, d’earnáil an ghnó nó na tionsclaíochta.
- Foráiltear in alt 16(7) d’Acht na nOllscoileanna, 1997, nach féidir le hainmniúcháin an Aire, ainmniúcháin na n-eagraíochtaí ionadacha, ainmniúcháin na leasanna cultúrtha agus ealaíonta ná na gcéimithe a bheith ina bhfostaithe nó ina mic léinn de chuid na hollscoile, ach má tharscaoileann an t-údarás ceannais reatha an srian sin.

Gheofar na forálacha ábhartha reachtacha ag an nasc thíos:-

<http://www.irishstatutebook.ie/1997/en/act/pub/0024/index.html>

### **2.2 Feidhmeanna Údarás Ceannais Ollscoile:**

Is é Alt 18 d’Acht na nOllscoileanna 1997 a rialaíonn ról an údaráis ceannais, agus tá na feidhmeanna seo a leanas leagtha amach ann:

- (a) talamh agus maoin eile na hollscoile a rialú agus a riaradh,
- (b) an príomhoifigeach agus cibé fostaithe eile a mheasfaidh sé is gá chun críocha na hollscoile a cheapadh,
- (c) faoi réir an Achta seo agus a chairte, más ann, a reachtanna agus a rialachán, comhaltas an údaráis ceannais a chinneadh ó am go ham, agus
- (d) cibé feidhmeanna eile a fhorchuirtear air leis an Acht seo nó faoi nó le haon Acht eile nó faoi nó lena chairt, más ann, lena reachtanna agus lena rialacháin, a chomhlíonadh.

## **2.3 Cód Rialachais le haghaidh Ollscoileanna na hÉireann:**

Ceanglófar ar bhaill údarás ceannais forálacha an Chóid Rialachais chun Ollscoileanna na hÉireann a Rialú, 2019, a chomhlíonadh.

Tá an Cód Rialachais chun Ollscoileanna na hÉireann a Rialú ar fáil le léamh / le híoslódáil thíos:

<https://www.iua.ie/wp-content/uploads/2019/09/Code-of-Governance-for-Irish-Universities-30.09.19.pdf>

## **3. Luach Saothair**

---

Ní ghabhann luach saothair le haon cheann de na poist atá fógartha anseo. Féadfaidh baill d'údarás ceannais na n-ollscoileanna agus de Bhord Chomhairle Bhéaloideas Éireann costais taistil agus cothabhála a éileamh maidir le turais a dhéantar chun freastal ar chruinnithe an Údarás agus chun gnó an Údarás a dhéanamh. Íoctar gach costas de réir rátaí formheasta eárnála poiblí nó ar aon dul le beartas na hollscoile maidir le baill sheachtracha den bhord ceannais.

## **4. Riachtanais an Cheapacháin**

---

Beifear ag súil go gcaithfidh na baill an oiread ama agus is gá ar dhualgais na mbord ceannais agus an Bhoird agus is gá chun na dualgais sin a chomhlíonadh go cúí éifeachtach. Gheofar sonraí ar leith maidir le gach institiúid ar leith leagtha amach thíos.

## **5. Na daoine atá á lorg**

---

### **Ceapacháin ar Bhoird Cheannais Ollscoileanna**

Tá léiriú spéise á lorg ó iarrthóirí cuícháilithe a d'oirfeadh lena n-ainmniú mar bhaill de na húdarás ceannais atá liostaithe ar leathanach 1. Ba chóir stair ghairme ar leibhéal sách sinsearach a bheith ag iarrthóirí, in eagraíocht chasta scála agus taithí choibhéiseach gnó atá ábhartha maidir le ballraíocht d'údarás ceannais, i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

- Saineolas ar chórais ardoideachais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- Taithí ar eagraíochtaí móra a bhainistiú go héifeachtach i dtimpeallacht dhúshlánach chasta san eanáil phoiblí nó san eanáil phríobháideach
- Rialachas agus comhlíonadh corparáideach

- Cuntasaíocht agus bainistíocht airgeadais
- Iniúcháireacht agus bainistíocht riosca
- Bainistíocht acmhainní daonna
- Forbairt eagraíochtúil agus bainistíocht ar athrú
- Clárghainistíocht agus bainistíocht tionscadail
- Soláthar poiblí agus próisis iomaíocha
- Díl riaracháin, faisnéise, poiblí agus cánach
- Rialú
- Bainistíocht riosca
- Cumarsáid agus margaíocht
- Bailiú airgid, daonchairdeas agus rannpháirtíocht in alumni
- Rannpháirtíocht sa phobal agus tacaíocht

Tá sé curtha in iúl, leis, ag na hollscoileanna aonair go mbeadh taithe i réimsí ar leith inmhianaithe in iarrthóirí, agus gheofar sonraí na réimsí sin sa leabhrán seo.

## **Ceapacháin ar Chomhairle Bhéaloideas Éireann**

Tá léiriú spéise á lorg ó iarrthóirí cuícháilithe a d'oirfeadh lena n-ainmniú mar bhaill de Bhord Chomhairle Bhéaloideas Éireann. Ba chóir spéis soléirithe a bheith ag iarrthóirí in obair Chomhairle Bhéaloideas Éireann agus taithe a bheadh ábhartha maidir le Comhairle Bhéaloideas Éireann i gceann amháin nó níos mó de na réimsí a mhionsonraítear sa leabhrán seo.

## 6. Mionsonraí

---

### Coláiste na hOllscoile Corcaigh

#### **Eolas cúlra**

Ceann amháin de chomhollscoileanna Ollscoil Náisiúnta na hÉireann is ea Coláiste na hOllscoile Corcaigh. I 1845 a bunaíodh an ollscoil seo atá ar cheann de na hinstiúidí ardléinn is sine in Éirinn. Cláraíonn Coláiste na hOllscoile Corcaigh os cionn 20,000 mac léinn faoi láthair. 16,000 mac léinn fochéime atá cláraithe san ollscoil (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha) faoi láthair. Lena chois sin, tá 3,000 mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha cláraithe i gceann amháin nó níos mó de chúrsaí iarchéime na hollscoile. Áirítear ar líon mac léinn Choláiste na hOllscoile Corcaigh breis agus 1,000 mac léinn idirnáisiúnta ó bhreis agus 60 tír ar fud an domhain.

Gheofar tuilleadh eolais ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh ar a suíomh gréasáin, [www.ucc.ie](http://www.ucc.ie)

#### **Na daoine atá á lorg**

Le hais taithe sholéirithe atá ábhartha maidir le ballraíocht d'údarás ceannais i réimse amháin nó níos mó atá liostaithe ar leathanaigh 3 agus 4, tá sé tugtha le fios ag an ollscoil go mbeadh sé inmhianaithe taithe i réimse amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

- *Airgeadas*
- *Rialachas agus comhlíonadh*
- *Forbairt bonneagair*
- *Soláthar poiblí*
- *Daonchairdeas*
- *Ioncam tráchála a ghiniúint*
- *TF agus cibearchoireacht*
- *Pleanáil éigeandála*

#### **Riachtanais an Cheapacháin**

Bíonn sé chruinniú ar a laghad sa bhliain ag an údarás ceannais agus is gnách do chruinnithe maireachtáil 4 uair an chloig (ó 9.30 ar maidin go 1.30 san iarnóin). Ba ghnách idir 4-6 a chaitheamh ag ullmhú do chruinniú sceidealta. Is gnách cruinnithe a thionól i gColáiste na hOllscoile Corcaigh ach uaireanta tionóltar cruinnithe i mBaile Átha Cliath ag ionaid eile atá faoi úinéireacht Choláiste na hOllscoile Corcaigh.

Is féidir go gceapfar baill den údarás ceannais ar choiste amháin nó níos mó de chuid an údarás ceannais, agus bíonn sé cinn de chruinnithe leath lae sa bhliain ag na coistí seo, a

dteastaíonn 2-4 uair an chloig d’ullmhúcháin roimh gach ceann díobh. Is féidir le baill féideartha d’údarás ceannais a bheith ag súil le 34-56 uair an chloig sa bhliain a chaitheamh ar a gcuid oibre mar bhall.

## **Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath**

### **Eolas cúlra**

Is é Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath an ceathrú hollscoil is mó sa Stát agus tá sé suite i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Tá breis agus 16,000 mac léinn fochéime agus iarchéime cláraithe i gColáiste na Tríonóide i ngach ceann de na mórdhisciplíní ealaíon agus daonnachta, agus sa ghnó, sa dlí, san innealtóireacht, san eolaíocht agus in eolaíochtaí sláinte. 11,800 mac léinn fochéime atá cláraithe san ollscoil (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha). Lena chois sin, tá 4,800 mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha cláraithe i gceann amháin nó níos mó de chúrsaí iarchéime na hollscoile. Áirítear ar líon mac léinn Choláiste na Tríonóide breis agus 3,000 mac léinn idirnáisiunta ó bhreis agus 117 tír ar fud an domhain.

Gheofar tuilleadh eolais ar Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath ar a suíomh gréasáin, [www.tcd.ie](http://www.tcd.ie)

### **Na daoine atá á lorg**

Le hais taithí sholéirithe atá ábhartha maidir le ballraíocht d’údarás ceannais i réimse amháin nó níos mó atá liostaithe ar leathanaigh 3 agus 4, tá sé tugtha le fios ag an ollscoil go mbeadh sé inmhianaithe taithí i réimse amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bheith ag iarrrthóirí:

- *Clár bhainistíocht agus bainistíocht tionscadail le béim ar leith ar thaithí ar thionscadail mhóra caipitil/foirgníochta*
- *Tionchar an taighde ar an tsochaí*

### **Riachtanais an Cheapacháin**

Cruinniú amháin sa mhí a bhíonn ag an údarás ceannais, idir Meán Fómhair agus Meitheamh. Bíonn dhá chruinniú ann i mí Aibreáin agus is féidir dhá chruinniú a thionól i mí an Mheithimh más gá. Is é an ceanglas ama a ghabhann leis an gceapachán seo 10-11 leathlá, mar aon le ham léitheoireachta, agus aon obair bhreise a ghabhann le ballraíocht i gcoiste údarás ceannais. Is gnách do chruinnithe den údarás ceannais maireachtáil trí uair an chloig agus is gá 3 uair an chloig nó mar sin a chaitheamh ag ullmhú dóibh.

Is féidir go n-iarrfar ar bhaill d’údarás ceannais dul ar fhochoistí. Is gnách idir cheithre chruinniú agus sé chruinniú a bheith ag na coistí sin sa bhliain acadúil agus maireann cruinnithe idir 1-2 uair an chloig. I Seomra an Bhoird i Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide a thionóltar na cruinnithe.

## **Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad**

### **Eolas cúlra**

Institiúid a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aici is ea Ollscoil Mhaigh Nuad, atá suite 25 chiliméadar lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus atá sé ar cheithre chomhollscoil Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. 10,169 mac léinn fochéime atá cláraithe in Ollscoil Mhaigh Nuad (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha). Lena chois sin, tá 2,071 mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha cláraithe i gceann amháin nó níos mó de chúrsaí iarchéime na hollscoile. Áirítear ar líon mac léinn Ollscoil Mhaigh Nuad breis agus 690 mac léinn idirnáisiúnta ó bhreis agus 56 tír ar fud an domhain.

Gheofar tuilleadh eolais ar Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad ar a suíomh gréasáin, [www.maynoothuniversity.ie](http://www.maynoothuniversity.ie)

### **Na daoine atá á lorg**

Le hais taithí sholéirithe atá ábhartha maidir le ballraíocht d'údarás ceannais i réimse amháin nó níos mó atá liostaithe ar leathanaigh 3 agus 4, tá sé tugtha le fios ag an ollscoil go mbeadh sé inmhianaithe taithí i réimse amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

- *Rialachas airgeadais*
- *Iniúchadh agus bainistíocht riosca*
- *Mórhionscadail chaipitil*

### **Riachtanais an Cheapacháin**

Sé chruinniú sa bhliain a bhíonn ag an Údarás Ceannais. Is minic a iarrfar ar bhall den údarás ceannais dul ar cheann amháin d'fhochoistí an údaráis ceannais. Is gnách idir ceithre chruinniú agus sé chruinniú sa bhliain a bheith ag na fochoistí. I Maigh Nuad a thionóltar cruinnithe an údaráis ceannais agus a fhochoistí, maireann siad idir dhá uair an chloig agus trí uair an chloig de ghnáth agus is gá idir 2-3 uair an chloig a chaitheamh ag ullmhú dóibh.

# An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

## **Eolas cúlra**

Bunaíodh An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath i 1854 agus tá sí suite in Belfield, Baile Átha Cliath, faoi láthair. Is í an ollscoil is mó sa Stát í. Tá 18,394 mac léinn fochéime cláraithe san ollscoil (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha). Lena chois sin, tá 8,114 mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha cláraithe ar cheann amháin nó níos mó de chúrsaí iarchéime na hollscoile. Áirítear ar líon mac léinn an Choláiste Ollscoile breis agus 4,304 mac léinn idirnáisiunta ó bhreis agus 103 tír ar fud an domhain.

Gheofar tuilleadh eolais ar an gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath ar a suíomh gréasáin, [www.ucd.ie](http://www.ucd.ie)

## **Na daoine atá á lorg**

Le hais taithí sholéirithe atá ábhartha maidir le ballraíocht d'údarás ceannais i réimse amháin nó níos mó atá liostaithe ar leathanaigh 3 agus 4, tá sé tugtha le fios ag an ollscoil go mbeadh sé inmhianaithe taithí i réimse amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

- *Airgeadas*
- *Acmhainní daonna*
- *Bainistíocht straitéise nó Bainistíocht ar athrú*
- *Forbairt eastáit agus caipitil*
- *Bunathrú teicneolaíochta/digiteach/cibearchlaochlaithe*

## **Riachtanais an Cheapacháin**

Sé chruinniú sa bhliain a bhíonn ag an údarás ceannais, agus is gnách do ghnáthchruinnithe maireachtáil tuairim agus dhá uair an chloig go leith agus maireann an t-aon chruinniú straitéise idir leathlá agus dhá lá. Is gnách leathlá a chaitheamh ag ullmhú do chruinniú. Is gnách idir 200-400 leathanach a bheith i bpacaí cruinnithe agus scaiptear iad roimh an chruinniú.

Iarrtar ar bhaill den údarás ceannais spéis a léiriú i ndul ar fhochoiste, ach ní gné éigeantach é sin. Is ionann an méid ama ullmhúcháin do na coistí seo agus an méid a chaitheann baill den údarás ceannais ag ullmhú. Is gnách cruinnithe a thionól ar champas Belfield, ach ó am go chéile tionóltar iad in ionaid eile a bhfuil baint acu leis an ollscoil (i mBaile Átha Cliath de ghnáth).



## **Comhairle Bhéaloideas Éireann**

### **Eolas cúlra**

Is comhlacht comhairleach é Comhairle Bhéaloideas Éireann a chuireann comhairle ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Trí phríomhfheidhm atá aige. Is iad sin:

- socruithe a dhéanamh chun ábhar ón mbailiúchán leabhar, lámhscríbhinní, doiciméad eile agus taifeadtaí maidir le béaloideas a cuireadh i dtaisce nó a chuirfear i dtaisce i gCnuasach Bhéaloideas Éireann a chatalógú, a chur in eagar agus a fhoilsiú.
- socruithe a dhéanamh chun rochtain chuí a thabhairt ar an ábhar seo, agus chun é a úsáid go cuí.
- riaradh a dhéanamh ar chistí a fuarthas agus a gheofar ón Roinn Oideachais i leith bhéaloideas Éireann agus staidéar air a chatalógú, a chur in eagar agus a fhoilsiú.

Deichniúr ball atá ar an gComhairle, a cheapann Uachtarán an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, agus ainmníonn an tAire Oideachais ceathrar ar a mhéad díobh sin. Téarma trí bliana a chaitheann gach ball ar an gComhairle, agus is féidir an téarma a athnuachan faoi lánrogha Uachtarán an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus an Aire Oideachais i gcás a n-ainmniúchán faoi seach.

Gheofar tuilleadh eolais ar Chomhairle Bhéaloideas Éireann ar a suíomh gréasáin, [www.comhairlebheal.ie](http://www.comhairlebheal.ie)

### **Na daoine atá á lorg**

Bheadh iarrthóirí ó réimse an chultúir agus na n-ealaíon inmhianaithe. Ba chóir spéis sholéirithe a bheith ag iarrthóirí in obair Chomhairle Bhéaloideas Éireann agus taithí acu a bheadh ábhartha maidir le Comhairle Bhéaloideas Éireann i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas.

- Saineolas ar chórais ardoideachais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- Taithí ar eagraíochtaí móra a bhainistiú go héifeachtach i dtimpeallacht dhúshlánach chasta san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach
- Rialachas agus comhlíonadh corparáideach
- Cuntasaíocht agus bainistíocht airgeadais
- Iniúchadh
- Bainistíocht acmhainní daonna
- Forbairt eagraíochtúil agus bainistíocht ar athrú
- Clár bhainistíocht agus bainistíocht tionscadail
- Soláthar poiblí agus próisis iomaíocha
- Díl riaracháin, faisnéise, poiblí agus cánach

- Rialú
- Bainistíocht riosca
- Cumarsáid agus margaíocht
- Bailiú airgid,
- Rannpháirtíocht sa phobal agus tacaíocht

## **Riachtanais an Cheapacháin**

I gCnuasach Bhéaloideas Éireann, COBÁC, Teach Newman, Belfield, Baile Átha Cliath 4, a thionóltar cruinnithe an Bhoird.

Uair an chloig ar an meán a mhaireann na cruinnithe.

Tionóltar fochoiste foilseachán, comhdhéanta de Stiúrthóir Chnuasach Bhéaloideas Éireann, beirt bhall den Chomhairle agus eagarthóir *Béaloideas*, gach ráithe chun foilseacháin fhéideartha a phlé agus a athbhreithniú. Is é Stiúrthóir an Chnuasaigh an t-eagarthóir i gceannas ach is féidir freagracht dhíreach as foilseachán ar leith a chur in eagar a shannadh do bhall aonair den choiste.

## 7. Conas Iarratas a Dhéanamh

---

Le bheith san áireamh d'ainmniúchán mar cheapaí de chuid an Aire ar aon cheann de na húdaráis cheannais a luaitear sa leabhrán seo nó ar Bhord Chomhairle Bhéaloideas Éireann, seol an fhoirm iarratais, litir chlúdaigh agus curriculum vitae le ríomhphost, roimh a 3 tráthnóna ar an 21 Feabhra 2020 chuig [boardvacancies@education.gov.ie](mailto:boardvacancies@education.gov.ie).

### **Pointí tábhachtacha le cur san áireamh:**

- Bí cúramach agus do léiriú spéise á chur isteach agat de bhrí gur gnách don Phainéal Measúnaithe moltaí a dhéanamh don Aire bunaithe ar mheastóireacht ar na doiciméid a chuireann tú isteach. Mar sin is den tábhacht é go sonrófá i do litir chlúdaigh (agus i do CV tacaíochta) conas a shásaíonn do chúlra agus do thaithí riachtanais na n-údarás ceannais agus/nó Bhord Chomhairle Bhéaloideas Éireann i gcás na bpost atá fógartha sa leabhrán seo. Cabróidh sé sin leis an bPainéal Measúnaithe a bheith ar an eolas go uile agus go hiomlán faoina oiriúnaí atá tú mar iarrthóir.
- Ní mór duit a dheimhniú, leis, nach bhfuil aon choimhlint leasa nó bac dlí ann a dhéanfadh difear do do chumas a bheith páirteach go hiomlán in obair údaráis cheannais nó Bhord Chomhairle Bhéaloideas Éireann. Ní mór duit a dheimhniú, leis, gur féidir leat tú féin a chur ar fáil le freastal ar chruinnithe agus chun dualgais bhall d'údarás ceannais nó bhall den Bhord a chomhlíonadh.
- Ag brath ar líon na n-iarratas a gheofar, is féidir go dtiomsófar gearrliosta mar chuid den phróiseas roghnúcháin.
- Agus ainmniúcháin á ndéanamh, agus ar aon dul le dea-chleachtas atá leagtha amach sna Treoirínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, ní mór a thabhairt ar aird gur faoin Aire atá sé ainmniúcháin oiriúnacha seachas iad siúd atá ar ghearrliosta, a bhreithniú, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-ainmní is dóichí a cheapfar na critéir shonraithe.
- Cuirfidh an tAire san áireamh a inmhianaithe atá sé go mbeadh cothroime inscne ar an mBord de réir mar a mheasann an tAire a bheith cuí agus a chinneann sé/sí ó am go ham agus ceapacháin á ndéanamh.

## 8. Rúndacht

---

Faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2014, caithfear le gach iarratas mar iarratas faoi rún. Caithfear le gach ceist, iarratas agus le gach gné de na himeachtaí mar nithe

atá go hiomlán faoi rún agus nach nochtar do dhuine ar bith, seachas iad siúd a bhfuil páirt dhíreach acu sa ghné sin den phróiseas.

Is féidir go n-asbhainfear míreanna airithe eolais, nach mbaineann go sonrach le haon duine ar leith, as taifid ríomhaireachta le haghaidh cuspóirí ginearálta staitistiúla.

## **9. Cosaint Sonraí**

---

Geallann an Roinn Oideachais agus Scileanna do shonraí pearsanta a chosaint agus tabharfar aird ar shlándáil do chuid faisnéise, ag cloí le prionsabail trédhearcachta, cuntasachta agus slándála an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Má mheasúnaítear d'iarratas agus má mheastar go mbeifeá oiriúnach le cur san áireamh do cheapachán, coimeádfar do c.v. agus do litir chlúdaigh (agus aon fhaisnéis fhorlíontach a iarradh mar chuid den phróiseas iarratais) go ceann bliana ar a mhéad tar éis an cheapacháin/na gcheapachán a bheith déanta. I gcás nach n-éiríonn leat ar an ócáid seo, is féidir go gcoimeádfar do shonraí go ceann bliana ar a mhéad agus go n-úsáidfear iad le d'oiriúnacht d'fholúntais/róil eile a thiocfadh chun cinn sa tréimhse sin a mheas.

Gheofar tuilleadh eolais ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ag an [nasc](#) seo a leanas.

### **An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Eanáir 2020**

## FOIRM IARRATAIS

### Cuid a hAon: Sonraí teagmhála

Ainm iomlán:

Seoladh:

Fón:

Ríomhphost:

### Cuid a Dó: Na poist atá ar fáil:

Taispeáin sa tábla thíos an t-údarás (nó na húdaráis) ceannais ar spéis leat bheith i do bhall dó/díobh. Más spéis leat níos mó ná ceann amháin de na poist fógartha, taispeáin d'ord tosaíochta ó 1 - 5 (tabhair 1 don cheann ab fhearr leat, 2 don dara ceann agus mar sin de).

BA MHAITH LIOM GO GCUIRFÍ SAN ÁIREAMH MÉ DO NA POIST THÍOS (TICEÁIL NA CINN I DTRÁCHT)		ORD TOSAÍOCHTA
Coláiste na hOllscoile Corcaigh		
Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath		
Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad		
An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath		
Comhairle Bhéaloideas Éireann		

### Cuid a Trí: Coimeád Sonraí

An dtugann tú cead don Roinn Oideachais & Scileanna do shonraí a choimeád go ceann bliana ar a mhéad ó dháta an iarratais lena n-úsáid chun a oiriúnaí atá tú d'fholúntais/róil eile a thiocthadh chun cinn sa tréimhse sin a mheas? (Ciorclaigh)

Tá / Níl

Síniú an iarratasóra: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_